# Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile

**Teimpléad aighneachta scríofa d'eagraíochtaí, do ghrúpaí agus do dhaoine aonair ar mian leo freagra a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile***

Cuirtear an teimpléad seo ar fáil mar chabhair duit (agus dod' chomhghleacaithe/eagraíocht) chun aighneacht scríofa a chur le chéile mar fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile*. Le do thoil, seol do fhreagairt chomhlíonta chuig PCRRsubmissions@ncca.ie

***Sonraí aonair***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | |
| **Dáta** | |
| **Ríomhphost** | |

***Sonraí na heagraíochta***

| | |
|---|---|
| **Ainm** | Foireann na Gaeilge |
| **Post** | Ceannaire Foirne & Comhairleoirí Bunscoile |
| **Eagraíocht** | An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí |
| **Dáta** | 18 Feabhra 2022 |
| **Ríomhphost** | |

**Foilseoidh an CNCM na haighneachtaí scríofa a chuirtear chucu le linn an chomhairliúcháin. Beidh ainm an duine / an údair / na heagraíochta luaite san aighneacht. An dtoileann tú an aighneacht seo a bheith foilsithe ar líne?**

**Toilím** ☐ **Ní thoilím** ☐

**Tabhair roinnt eolas cúlra faoi d'eagraíocht (más cuí)**

| |
|---|
| |

Cuimsíonn an chuid eile den teimpléad dhá roinn. Iarrtar ort i Roinn 1 do thuairimí ginearálta agus do mheas a thabhairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.* Is é struchtúr Roinn 2 ná na sé príomhtheachtaireachtaí a bhaineann leis an dréachtchreat. Déantar achoimre ar gach teachtaireacht mar thaca leis an obair ar an bhfreagairt.

# Roinn 1

| **Tabhair cuntas ginearálta, le do thoil, ar do fhreagairt ar an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile.*** |
| --- |
| • Aontaímid leis na mórphrionsabail agus na príomhinniúlachtaí atá leagtha amach sa dréachtchreat seo agus fáiltímid rompu.<br>• Is léir ón méid atá ráite ag múinteoirí linn sa tSFGM nach mbraitheann siad ullamh nó compordach le tuilleadh saoirse/solúbthachta ag an bpointe seo.<br>• Ní mór go mbeadh tiomantas ann chun am, deiseanna forbartha gairmiúla agus tacaíocht a thabhairt do mhúinteoirí. Beidh sé ríthábhachtach folláine na múinteoirí a chosaint. Is gá go dtabharfar aitheantas do ghuthanna na múinteoirí mar chuid den phróiseas agus go gcomhlíonfar cíbe gealltantais a thabharfar do mhúinteoirí.<br>• Is gá tacaíocht chuí ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do na scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta.<br>• Aontaímid go láidir gur gá tacaíocht chuí a chur ar fáil do phleanáil uile-scoile.<br>• Maidir le teanga a mhúineadh, bheadh an baol ann go ndéanfaí faillí ar theanga amháin thar theanga eile, in éagmais íosmhéid ama a leagan síos don dá phríomhtheanga. Bíonn am ag teastáil chun teanga a fhoghlaim.<br>• Ní mór a bheith aireach faoi nasc róláidir a dhéanamh leis an gCreat don tSraith Shóisearach mar nach bhfuil an córas nua i bhfeidhm fada go leor fós chun breithiúnas cruinn a thabhairt air.<br>• Molaimid go láidir deiseanna eile a chur ar fáil do mhúinteoirí plé a dhéanamh ar an tríú teanga agus ar na roghanna éagsúla maidir le leithdháileadh ama atá leagtha amach sa dréachtchreat seo, m.sh. trí na meáin shóisialta, ailt a fhoilsiú san iris *InTouch*, srl.<br>• Aontaímid go láidir gur gá réiteach a fháil ar an ró-ualach curaclaim.<br>• Aontaímid go huile agus go hiomlán go mbeidh rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe ar ardchaighdeán bunriachtanach do chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha. |

# Roinn 2

**Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Gur le gach páiste é.
- Go n-aithneoidh sé gairmiúlacht agus gníomhú mhúinteoirí agus phríomhoidí agus iad ag cur an curaclam i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin.
- Go gcuirfidh sé breis solúbthachta ar fáil do scoileanna maidir le pleanáil agus socruithe amchláir chun deiseanna agus tosaíochtaí a aithint agus freagairt dóibhsan.
- Go ndéanfaidh sé naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais.
- Go gcuirfidh sé breis deiseanna ar fáil le haghaidh solúbthacht agus rogha i bhfoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht seo.**

Aontaímid go bhfuil tábhacht ag baint le gníomhaíocht agus solúbthacht agus fáiltímid roimh an aitheantas a thugtar dóibh sa dréachtchreat seo.

Tá sé tábhachtach go mbeadh fís an churaclaim athfhorbartha soiléir agus go mbraithfidh múinteoirí compordach agus muiníneach ag obair ina treo agus i dtreo na dtorthaí foghlama sna réimsí/ hábhair éagsúla. Ónár dtaithí ar Churaclam Teanga na Bunscoile má tá torthaí foghlama, srl. leathan agus teibí, bíonn am ag teastáil ó mhúinteoirí chun iad a phlé ionas go mbeidh tuiscint shoiléir acu orthu.

- Luaitear san fhís gur "gairmithe tiomanta, sciliúla agus gníomhacha" iad múinteoirí (Féach lch 5 le haghaidh tuilleadh eolais). Cé go bhfuil sé sin fíor, an bhfuil tuiscint aontaithe ag múinteoirí na tíre ar cad is brí leis seo?
- Tá an cur síos ar na gnéithe den oideolaíocht ar lch. 21 cabhrach ach an bhfuil míniú sách soiléir tugtha ar na téarmaí 'gníomhaíocht' agus 'solúbthacht' sa dréachtchreat? An bhfuil tuiscint ag múinteoirí ar an téarmaí seo?

- Cén ról atá an gcigireacht maidir le 'gníomhaíocht' agus 'solúbthacht' a chur chun cinn? An gcuireann comhlíonadh ('déanamh de réir thoil na cigireachta mar a shamhlaítear') le bac ar ghníomhaíocht faoi láthair?

Is léir dúinn nach bhfuil gach múinteoir ullamh do sholúbthacht iomlán ag an bpointe seo agus nach mbeadh a lán múinteoirí compordach nó sásta lena leithéid bunaithe ar an méid atá ráite acu linn. Tá taithí ag múinteoirí ar chur chuige níos saintreoraí go dtí seo agus tógfaidh sé go leor ama orthu dul i dtaithí ar an gcóras oscailte, féinrialaitheach seo. Ba chóir go mbeadh scaoileadh céimseach na freagrachta i gceist agus an curaclam athfhorbartha á chur i bhfeidhm.

Tá nasc idir an cineál cur chuige oideolaíoch seo agus an tuiscint atá, nó a bheidh, ag múinteoirí ar thorthaí foghlama. B'fhiú go mór inseirbhís, am agus acmhainní a chur ar fáil d`fhoirne chun an tsolúbthacht a chur chun cinn ó thaobh neamhspleáchais, an idirdhealaithe agus an mheasúnaithe de. Ba chóir go leor tacaíochta agus comhairle a thabhairt dóibh chun iad a chumasú leis an gcuraclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm i gcomhthéacs a scoile féin. Ní mór acmhainní agus tacaíocht ar ardchaighdeán trí mheán na Gaeilge a chur ar fáil do scoileanna lán-Gaeilge agus Gaeltachta a fhreagraíonn do na sainriachtanais atá acu ina gcomhthéacsanna féin. (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999')

Chabhródh sé go mór le múinteoirí dá mbeadh tuiscint ghrinn acu ar na riachtanais a bhaineann leis an gcuraclam athfhorbartha agus dá bharr seo ní mór go mbeidh na teachtaireachtaí mar gheall air soiléir, seasmhach agus aontaithe ón gcigireacht agus ó na seirbhísí tacaíochta éagsúla. Thacaigh Ciorclán 0045/2019, an físeán idirghníomhaireachta, Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta agus an t-ábhar tacaíochta/ na físeáin a thacaigh leis an treoir sin go suntasach le cur i bhfeidhm Churaclam Teanga na Bunscoile. B'fhiú tacaíochtaí dá leithéid seo a chur ar fáil don churaclam athfhorbartha chomh maith.

Aontaímid go láidir gur gá tacaíocht chuí a chur ar fáil atá in oiriúint do phleanáil uile-scoile agus d'ullmhúchán sa seomra ranga araon. Chabhródh sé seo le gach ball foirne a ról a thuiscint agus leanúnachas suas tríd an scoil a éascú. Caithfear a bheith soiléir faoin ullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim a bheidh i gceist leis an gcuraclam athfhorbartha agus tús áite a thabhairt don teagasc agus don fhoghlaim thar pháipéarachas. Ní mór a bheith coinsiasach gur gá réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim agus deimhin a dhéanamh de nach mbeidh lagmhisneach ar mhúinteoirí.

Fáiltítear roimh am solúbtha ar bhonn míosúil a bheith ag scoileanna chun díriú ar ghnéithe oideachais a fhreagraíonn do chomhthéacs agus riachtanais phobal na scoile. D'fhéadfadh múinteoirí an t-am seo a úsáid ar shlí pháiste-lárnach chun freagairt do shainriachtanais, d'ábhair spéise agus do bhuanna na bpáistí, agus sainchomhthéacs na scoile á chur san áireamh. D'fhéadfadh an t-am solúbtha seo agus an leithdháileadh ama ar bhonn seachtainiúil/míosúil cabhrú go mór leis an ualach oibre agus brú ama atá mar fhadhbanna anois. (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999' thíos)

Cé go n-aontaímid le coincheap an leithdháileadh ama ar bhonn seachtainiúil agus ar bhonn míosúil go ginearálta, bheadh an baol ann go ndéanfaí faillí ar theanga amháin thar theanga eile, in éagmais íosmhéid ama a leagan síos don dá phríomhtheanga. (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' ) Má leagtar síos íosmhéid, ba chóir a bheith ríshoiléir gur íosmhéid atá ann seachas clár ama molta. Chuige seo, b'fhéidir gur fiú "banda ama" a mholadh ina mbeadh an rogha ann do mhúinteoirí am ar leith a chaitheamh ar mhúineadh na Gaeilge. Molaimid go láidir am solúbtha le haghaidh mhúineadh na Gaeilge a bheith ar an gclár ama ag múinteoirí agus go leagfaí an-bhéim ar an nGaeilge Neamhfhoirmiúil. Molaimid freisin go mbeadh tacaíochtaí ann do chuir chuige ar nós FCÁT (Foghlaim Chomhtháite Ábhar agus Teangacha), ach nach mbeadh an Ghaeilge á múineadh tré mheán FCÁT amháin. Tá gá leis an am solúbtha.

Anuas air sin ba chóir íosmhéid ama a lua do theanga a haon agus do theanga a dó le cinntiú go mbeidh cothromaíocht réasúnta ann idir na páistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna éagsúla agus iad ag dul ar aghaidh go dtí an mheánscoil. Chabhródh sé sin le naisc idir na

comhthéacsanna éagsúla a fheabhsú. (Féach 'Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna' & 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú)

Luaitear ar lch 9 den dréachtchreat go gcuirfidh an phríomhinniúlacht 'Foghlaim le bheith i d'fhoghlaimeoir' forbairt an eolais, na scileanna, na gcoincheap, na ndearcthaí, na luachanna agus na meonta a theastaíonn le bheith i d'fhoghlaimeoir gníomhach gníomhaíoch chun cinn. Moltar ar lch 21 'deis a thabhairt do pháistí a bheith páirteach nuair atá cinntí á ndéanamh faoina gcuid foghlama féin'. Déanann an dréachchreat tógáil amhlaidh ar an mbéim a leagtar i gCuraclam Teanga na Bunscoile ar fhoghlaim pháiste-lárnach, ar fhoghlaim faoi stiúir an linbh agus ar chluas a thabhairt do ghuth an pháiste maidir lena chuid foghlama. Fáiltímid roimhe seo.

Chabhródh sé leis dá mbeadh solúbthacht ann ó thaobh am sosa de - cathain a thógfaí na sosanna agus an t-am a roinnt le caitheamh aimsire.

Is cúis mholta é go ndéanfaidh an curaclam naisc idir chomhthéacsanna éagsúla sa chóras oideachais. (Féach 'Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna')

### Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go leagfaidh sé amach fís shoiléir d'fhoghlaim páistí thar ocht mbliana den bhunscoil.
- Go ndéanfaidh sé naisc le heispéiris foghlama a sholáthraítear trí théamaí *Aistear: Creatchuraclam na Luath-Óige* agus go ndéanfaidh sé ceangal leis na hábhair, príomhscileanna agus ráitis foghlama sa *Chreat don tSraith Shóisearach*
- Go dtacóidh sé le haistrithe oideachasúla trí naisc a dhéanamh lena bhfoghlaimíonn páistí agus a modhanna foghlama sa bhaile, sa réamhscoil agus san iarbhunscoil

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Fáiltítear roimh an mbéim a leagtar sa dréachtchreat ar naisc a dhéanamh ón réamhscoil go dtí an bhunscoil agus ar aghaidh go dtí an mheánscoil. Chabhródh cumarsáid sa bhreis idir na comhthéacsanna éagsúla le múinteoirí freastal cuí a dhéanamh ar riachtanais pháistí. Chun é seo a dhéanamh go críochnúil, ba chóir am a thabhairt dó ionas go mbeadh deis ag na rannpháirtithe é a eagrú agus go dtiocfaí ar thuiscint níos doimhne ar cad atá i gceist. Ba chóir aird a thabhairt ar na pointí seo a leanas chomh maith:

- Tá sé ríthábhachtach tacú le páistí agus iad ag aistriú ó rang go rang agus iad ag dul ar aghaidh tríd an mbunscoil, chomh maith le bheith ag tacú leo agus iad ag aistriú ó leibhéal amháin sa chóras chuig an gcéad cheann eile.
- Is uirlisí luachmhara iad *Mo Scéal* agus an *Pas Oideachais* a éascaíonn an t-aistriú idir na leibhéil éagsúla ach níl *Mo Scéal* éigeantach. Moltar athbhreithniú a dhéanamh air seo.
- Tá sé le moladh go ndéanfaidh an curaclam athfhorbartha naisc idir an réamhscoil agus an bhunscoil trí *Aistear*. Cuirtear tús le gach toradh foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile leis an réamhráiteas "Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla/tarraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann ..." Chabhródh béim sa bhreis ar *Aistear* na torthaí foghlama a fhorbairt.
- Glactar leis sa dréachtchreat áfach go bhfuil cur amach agus tuiscint ag múinteoirí ar *Aistear* agus ar na prionsabail atá mar thaca faoi agus na téamaí a bhaineann leis. Glactar leis sa dréachtchreat chomh maith go bhfuil an creatchuraclam *Aistear* á chur i bhfeidhm i ngach bunscoil faoi láthair. Níl sé seo fíor. Tá *Aistear* **roghnach** faoi láthair. Moltar go mbeadh reachtaíocht ann chun tacú leis agus go gcuirfí forbairt ghairmiúil ar fáil do mhúinteoirí mar gheall air. (Féach ''Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna'' & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999')
- Leagtar an-bhéim ar scileanna, coincheapa, meonta, eolas, luachanna, dearcthaí, srl. traschuraclaim sa dréachtchreat; rud a chumasódh an páiste chun scileanna inaistrithe a shealbhú don oideachas iarbhunscoile agus do ghairmeacha beatha éagsúla sa todhchaí.

É sin ráite bheadh amhras ann faoi nasc róláidir a dhéanamh leis an gCreat don tSraith Shóisearach go fóill. Tá ceisteanna móra fós ann faoin gcóras nua seo. Níl sé i bhfeidhm fada go leor fós chun breithiúnas cruinn a thabhairt air. Tá go leor múinteoirí meánscoile buartha faoin tionchar a bheidh/ atá cheana ag an gCreat don tSraith Shóisearach ar chúrsaí Ardteiste.

- Anuas air sin ba chóir íosmhéid ama a lua do theanga a haon agus do theanga a dó le cinntiú go mbeidh cothromaíocht réasúnta ann idir na páistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna éagsúla agus iad ag bogadh ar aghaidh go dtí an mheánscoil. Chabhródh sé seo leis an nasc idir an bhunscoil agus an mheánscoil a fheabhsú. Tá amhras ann go mbeidh bearnaí ollmhóra i bhfoghlaim pháistí ó bhunscoil amháin i gcomparáid le páistí ó bhunscoil eile má ghlactar le Rogha a hAon: m.sh. Má chaitheann múinteoir/ scoil amháin a lán ama ar an nGaeilge, agus díríonn bunscoil eile níos mó ar an tríú teanga, d'fhéadfadh sé seo fadhbanna a chruthú nuair a théann na páistí ar aghaidh go dtí an mheánscoil maidir le cé mhéad atá foghlamtha acu. Ar a laghad faoi láthair, tá an méid céanna ama, beag nó mór, á chaitheamh ag gach scoil sa tír ar an nGaeilge agus ar an mBéarla. (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' thíos chomh maith le 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna' thuas)

Go deimhin is chun leasa an pháiste é go mbeadh naisc chuí ann idir na leibhéil éagsúla.

**Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go neadóidh sé seacht bpríomhinniúlachtaí trasna torthaí foghlama páistí ó Naíonáin Shóisearacha go Rang a Sé.
- Go ndíreoidh sé ar scileanna agus eolas páistí a fhorbairt mar aon le meonta, luachanna agus dearcthaí. Is leathan iad na Torthaí Foghlama agus na Príomhinniúlachtaí chun cur síos ar an tuiscint níos leithne seo ar an bhfoghlaim.
- Go dtreiseoidh sé an bhéim ar réimsí atá ann cheana amhail Corpoideachas agus OSPS (Folláine) agus foghlaim dhigiteach, agus molann réimsí nua amhail Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Fáiltímid roimhe seo agus é ag freagairt do shaoránaigh ghníomhacha na linne seo.

- Is maith an rud é go dtacóidh na torthaí foghlama leis na príomhinniúlachtaí a chur chun cinn. Mholfaimis am a chaitheamh ar mhúinteoirí a oiliúint mar gheall ar na torthaí foghlama sna réimsí/ábhair éagsúla trí lionsa na bpríomhinniúlachtaí. Tá roinnt de theanga an churaclaim teibí. M.sh. Cad is brí le 'a bheith matamaiticiúil"? Cad go díreach a mbeifear ag siúl leis go mbeadh an páiste in ann a dhéanamh? Beidh gá ann le plé a dhéanamh air seo.

- Tá múinteoirí ag teacht i dtaithí ar thorthaí foghlama agus tá a dtuiscint ar thorthaí foghlama ag forbairt ó thosnaíodar ag obair leo chun Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm. Leagadh an-bhéim ar choincheapa, ar scileanna agus ar mheonta i gCuraclam Teanga na Bunscoile chomh maith. Déanfaidh an curaclam athfhorbartha tógáil air seo. Beidh tuiscint shonrach ag teastáil ó mhúinteoirí ar choincheapa, ar mheonta, ar luachanna agus ar dhearcthaí, agus ar conas iad a fhorbairt. Bheadh plé ar lgh. 8-12 den tuairisc 'Research-Informed Analysis of 2st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum' cabhrach do mhúinteoirí chuige seo. Beidh níos mó ná eolas agus scileanna i gceist. Caithfear na torthaí foghlama a bhriseadh síos agus a chíoradh nó d'fhéadfadh sé a bheith deacair ar mhúinteoirí obair leo toisc go bhfuilid chomh leathan sin. Beidh sé tábhachtach ábhair tacaíochta ar ardchaighdeán, físeáin, mionchéimeanna, srl. cuí a chur ar fáil. (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' thíos)

- Dar ndóigh beidh **am** ag teastáil ó mhúinteoirí chun tabhairt faoin obair seo go léir.

- Fáiltímid roimh aitheantas a bheith tugtha don ilchineálacht atá sa tsochaí agus sna scoileanna sa lá atá inniu ann. Tá sé tugtha le fios ag roinnt múinteoirí gur dúshláin shuntasacha dóibh iad difreálú agus ionchuimsiú i láthair na huaire. Cé go raibh an-fhiúntas ag baint leis an cheardlann ghréasáin CTB ar ionchuimsiú, tá a thuilleadh fós ag

teastáil.  Bheadh ábhair tacaíochta a d'fhorbrófaí mar fhreagra ar na dúshláin seo ríthábhachtach agus de dhíth ó na scoileanna go luath i rith an phróisis chur i bhfeidhm. Beidh siad ag teastáil chun freagairt do na tosaíochtaí foghlama atá ag teacht chun cinn do pháistí sna scoileanna sin.

- Is maith an rud é go leagfar béim ar mhoráltacht pháistí a fhorbairt agus iad ag foghlaim faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic.
- Tugtar le fios sa dréachtchreat go ngearrfar siar ar an méid ama a bheidh ag múinteoirí chun na hEalaíona a chur chun cinn.  Is cuid lárnach d'oideachas bunscoile an pháiste é seo.  Na laethanta seo, seans nach bhfaigheann roinnt páistí blaiseadh de na hEalaíona sa bhaile, agus  is í an scoil an t-aon áit a fhaigheann siad an 'cultúr' seo.

- Aithnímid go mbeadh buntáistí ag baint le teangacha iasachta nua-aimseartha a mhúineadh ag Céimeanna a Trí agus a Ceathair.
- Tá sé tugtha le fios ag roinnt múinteoirí dúinn go mbraitheann siad go bhfuil an Ghaeilge dúshlánach mar atá áfach.
- Rud nua ar fad is ea é teanga iasachta a chur isteach sa churaclam do gach bunscoil sa tír. Molaimid na hiarrachtaí atá déanta ag an gCNCM dul i gcomhairle le múinteoirí mar gheall air seo cheana féin, trí Fhóram na Scoileanna agus modhanna/gréasáin eile.  Bhí an dá bhliain anuas thar a bheith dúshlánach do mhúinteoirí de bharr na paindéime agus tá athrú suntasach i gceist leis an moladh seo maidir leis an tríú teanga.  Molaimid go láidir deiseanna eile a chur ar fáil do mhúinteoirí fud fad na tíre plé a dhéanamh ar na moltaí atá sa dréachtchreat seo maidir leis an tríú teanga a thabhairt isteach agus ar na bealaí féideartha sa pháipéar eolais 'Nuatheangacha iasachta a chomhtháthú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile', m.sh. trí na meáin shóisialta, ailt a fhoilsiú san iris *InTouch*, srl.
- Fáitímid roimh an cur chuige teangeolaíoch maidir le múineadh na tríú teanga, go háirithe an fheasacht teanga agus an tslí ina mbíonn an ghné seo d'fhoghlaim teanga ag teacht le feidhmeanna teanga na Gaeilge agus an Bhéarla. Fáiltímid freisin roimh an tslí a mbíonn na feidhmeanna teanga do na teangacha ar fad ag forluí ar a chéile (Féach 'Páipéar eolais: Nuatheangacha iasachta a chomhtháthú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile', Caibidil 10)
- Ba chóir soiléiriú a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:
    - Cé a mhúinfidh an tríú teanga?

- An mbeadh ar mhúinteoir a bheith líofa i dteanga iasachta chun í a mhúineadh?
- An mbeidh an cumas cuí sna teangacha iasachta ag múinteoirí chun iad a mhúineadh?
- Cad faoi mhúinteoirí nach bhfuil an tríú teanga acu?
- An mbeidh cúntóirí teanga seachtracha fostaithe ag an Roinn chun teacht isteach agus an tríú teanga a mhúineadh mar a bhí sa scéim phíolótach idir 1998 agus 2012?
- Cad as a thiocfadh na cúntóirí teanga seo?
- An mbeifear ag súil go mbeadh staidéar á dhéanamh ag ábhair oidí sa choláiste ar an tríú teanga?
- An mbeadh an cumas agus an t-am ag na coláistí é sin a chur i bhfeidhm?
- An gá go mbeadh an tríú teanga ag iarrthóirí le bheith in ann cur isteach ar chúrsa bunmhúinteoireachta amach anseo? *(Ní mór go gcuirfí go leor tacaíochta ar fáil do mhúinteoirí ar bhonn fadtéarmach ar dtús sula mbeidh orthu aon teanga iasachta a mhúineadh.)*
- Cén teanga a bheidh i gceist?
- Cé a dhéanfaidh an cinneadh?
- An mbeidh ar gach múinteoir sa scoil chéanna an tríú teanga chéanna a mhúineadh?
- An mbeidh áiseanna teagaisc agus acmhainní curtha ar fáil chun tacú le múinteoirí an tríú teanga a mhúineadh?
- An mbeidh béim níos mó ar aistriú scileanna maidir le teagasc teanga dá bharr? *(Tá géarghá le hábhair tacaíochta bhreise agus forbairt ghairmiúil leanúnach sa bhreis do mhúinteoirí ar an gcur chuige oideolaíoch ríthábhachtach seo.)*
- Cén tionchar a bheidh ag múineadh teanga iasachta ar fhoghlaim T2 na scoile?
- Cad mar gheall ar dhaltaí le díolúintí?
- Cén córas a bheidh ann don triú teanga?
- Más rud é go bhfuil díolúine ag dalta ón nGaeilge, an mbainfidh an díolúine chéanna leis na teangacha iasachta?
- Cén tionchar a bheidh ag múineadh teanga iasachta ar an tacaíocht a chuirfear ar fáil do scoileanna i leith Churaclam Teanga na Bunscoile sa todhchaí?

- Cé mhéad ama a chaithfear ar an teanga iasachta a mhúineadh? (Féach 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú' thíos)

**Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú**

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim Bunscoile:*

- Go mbeidh sé leathan agus cothrom ina aidhmeanna agus ábhar.
- Go mbeidh sé leagtha amach i gcúig réimse leathan curaclaim:
    - Teanga
    - Oideachas Matamaitice, Eolaíochta agus Teicneolaíochta
    - Folláine
    - Oideachas Sóisialta is Imshaoil
    - Oideachas Ealaíon

(Ag teacht leis na cúig réimse thuas, déanann pátrún scoile Clár Pátrúin a fhorbairt chun cur le forbairt iomlán an pháiste, agus dearcadh reiligiúnach agus/nó eiticiúil ar leith á cur san áireamh. Mar thoradh ar an bpróiseas seo, bíonn an clár mar bhonn agus taca do shainspiorad na scoile. Tá na réimsí seo nasctha le téamaí Aistear agus le saothar in ábhair sa tSraith Shóisearach.)

- Go soláthróidh sé eispéireas foghlama comhtháite, bunaithe ar réimsí curaclaim i gCéimeanna 1 agus 2 (Naíonáin Shóisearacha – Rang 2) agus bunaithe ar ábhair i gCéimeanna 3 agus 4 (Rang 3 – Rang 6).
- Go n-úsáidfidh sé torthaí foghlama leathana chun cur síos ar an bhfoghlaim agus ar an bhforbairt a mbeifí ag súil leis i bpáistí.
- Go gcuimseoidh sé an Curaclam Teanga Bunscoile nua.
- Go mbeidh ábhair tacaíochta agus eiseamláirí d'fhoghlaim páistí ar fáil leis.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Eispéiris Foghlama Comhtháite, Torthaí Foghlama agus Ábhair Tacaíochta:

- Tá sé go maith go n-aithnítear an fiúntas a bhaineann le heispéiris foghlama comhtháite.
- Mar a luadh thuas (Féach 'Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn') b'fhéidir go mbeidh sé deacair ar mhúinteoirí má tá na torthaí foghlama an-leathan i ngach réimse/ábhar.
- Fáiltímid roimh na mionchéimeanna a bheidh leagtha amach do na teangacha agus don mhata/eolaíocht/teicneolaíocht mar uirlis úsáide do mhúinteoirí. Bheadh sé tábhachtach tacaíocht ar aon dul leo a chur ar fáil do na réimsí/na hábhair eile agus deimhin a dhéanamh de go bhfuil teacht ag múinteoirí ar ábhar tacaíochta ar ardchaighdeán do gach uile snáithe agus gné den churaclam. Tugadh gealltanais do mhúinteoirí go mbeadh físeáin agus podchraoltaí cuí curtha ar fáil chun tacú leo Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm. Bheadh sé ríthábhachtach do chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha seo go gcuirfí físeáin, srl. ar ardchaighdeán ar fáil d'fhonn tacú le cleachtas ranga na múinteoirí.

Leithdháileadh Ama i gCoitinne

- Tá sé go maith go bhfuil cúig réimse ann in ionad 11 ábhar mar a bhí i gcuraclam 1999 agus go mbeidh na réimsí/ábhair leagtha amach ar nós Churaclam Teanga na Bunscoile. D'fhéadfadh sé seo cabhrú go mór le hullmhúchán don teagasc agus don fhoghlaim. (Féach 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna' thuas & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999' thíos)
- Fáiltítear roimh am solúbtha ar bhonn míosúil a bheith ag scoileanna chun díriú ar ghnéithe oideachais a fhreagraíonn do chomhthéacs agus riachtanais phobal na scoile. (Féach 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna' thuas & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999' thíos)
- Ba chóir soiléiriú a thabhairt ar na ceisteanna seo a leanas:
    - An gcuirfear cúpla rogha ar fáil sa churaclam athfhorbartha mar atá leagtha amach sa dréachtchreat seo?
    - An mbeidh scoileanna in ann gluaiseacht idir na roghanna?
    - Más amhlaidh a bheidh, cé chomh minic is a bheidh siad in ann é seo a dhéanamh?
    - Má tá páiste sna Naíonáin Shóisearacha i 2022, an mbeidh na bandaí ama céanna in úsáid don 8 mbliana a bheidh sé/sí sa scoil sin?

- Nó an mbeidh scoileanna in ann gluaiseacht idir Rogha 1, Rogha 2, agus Rogha 3 gach cúpla bliain?
- An mbeidh scoileanna/ múinteoirí aonair ar fhoirne ag glacadh cinntí?

Folláine

- Tá an-bhéim ar an bhfolláine sa dréachtchreat. Tá níos mó ama á thabhairt don Fholláine le linn na seachtaine ná mar atá ag na hEalaíona; ar ndóigh ábhar sa bhreis a bheidh i gceist leis an bhfolláine.
    - Cén fáth nach gcuirfear an Fhollàin mar rogha laistigh den réimse Ealaíona?
    - Ag seinm ceoil, ag canadh, ag déanamh drámaíochta; is rudaí iad seo a chuireann go mór le folláin an pháiste; cén fáth nach bhfuil moladh níos mó ann é seo a dhéanamh, agus níos mó ama a thabhairt sa churaclam do na hEalaíona in áit gearradh siar ar an am seo, cinneadh a d'fhágfadh go mbeadh ar mhúinteoirí smaointe a lorg faoi conas 'Folláine' a "mhúineadh"?
- Maidir leis an bhfolláine ag Céim a hAon, ba chóir deimhin a dhéanamh de nach ndéanfar faillí ar scileanna bunghluaiseachta/aclaíochta chomh maith.

Na hEalaíona

Mar a pléadh thuas (Féach 'Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn') tugann an dréachchreat le fios go ngearrfar siar ar an méid ama a bheidh ag múinteoirí chun na hEalaíona a chur chun cinn. Is cuid lárnach d'oideachas bunscoile an pháiste é seo. Ní cóir am a bhaint de theagasc na n-ábhar Ealaíona.

Teangacha

Cé go n-aontaímid le coincheap an leithdháileadh ama ar bhonn seachtainiúil agus ar bhonn míosúil go ginearálta, bheadh an baol ann go ndéanfaí faillí ar theanga amháin thar theanga eile, in éagmais íosmhéid ama a leagan síos don dá phríomhtheanga.

Bheadh an-bhuairt ann maidir leis an méid ama nó an cineál béime a bheadh curtha ar an nGaeilge i scoileanna T2 dá nglacfaí le Rogha a hAon. An mbeadh laghdú nó meath ag teacht ar an nGaeilge dá bharr?

Ag eascairt as an taighde (Harris et al., 2005, Caibidil 8), tá gá le béim a chur ar mhúineadh na Gaeilge agus mholfaimis gan am a bhaint de mhúineadh na Gaeilge chuige seo:

*"Is é is dóichí gur chuidigh an titim shubstaintiúil idir 1985 agus 2002 sa chroí-am don Ghaeilge, fiú más de réir a chéile a tharla sé, leis an titim i gcaighdeáin in Éisteacht na Gaeilge agus i Labhairt na Gaeilge.*

*Is fada is eol dúinn gur fachtóir lárnach an méid ama a mbíonn teagmháil leis an teanga i gclár scoile ó thaobh inniúlacht nó oilteacht sa dara teanga a shocrú. …*

*Tabhair ar aird gur fachtóir é an crapadh ar chroí-am don Ghaeilge a mbeadh tionchar mór aige ar an méid foriomlán ama teagmhála leis an teanga i ngnáthscoileanna ach nach mbeadh sin athraithe beag ná mór aige i scoileanna lán-Ghaeilge. ...*

*Tá sé tábhachtach béim a chur ar an bpointe gur mhó de chaillteanas é an laghdú i gcroí-am don Ghaeilge, is cuma conas a tharla sé, don Ghaeilge ná don laghdú dá réir in am d'ábhair eile. Is éard is cúis leis sin nach síneann úsáid na Gaeilge go héasca thar an am sa chlár don Ghaeilge gan dícheall speisialta ón múinteoir. Síneann léitheoireacht Bhéarla, scríbhneoireacht, agus matamaitic, mar shampla, go héasca, go nádúrtha agus go riachtanach chuig réimsí eile den churaclam an t-am go léir. Mar sin, déantar ar bhealach na hábhair sin a mhúineadh, go díreach nó go hindíreach, do chuid mhór den lá, lasmuigh de cibé croí-am a bhíonn acu sa chlár. Foghlaimeoidh daltaí stór focal nua Béarla, mar shampla, le linn dóibh a bheith ag staidéar raon topaicí eile, beidh Matamaitic ag teastáil sa rang Eolaíochta, agus mar sin de. Ní hionann an tionchar a bhaineann le croí-am a laghdú do na hábhair sin, dá bhrí sin, agus an tionchar ó thaobh na Gaeilge. I go leor scoileanna, bhainfeadh laghdú sa chroí-am don Ghaeilge an bonn go mór den aon bheith istigh a bhí ag an teanga sa churaclam."*

(Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. & O'Gorman, M. (2005) *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*, An Roinn Oideachais, Baile Átha Cliath)

Neartaíonn taighde (Ó Duibhir & Cummins, 2012: 51) a cuireadh i gcrích mar bhonn eolais do Churaclam Teanga na Bunscoile é seo chomh maith: *"The quantity and the quality of the language input have been shown to influence the speed of acquisition ... The more exposure the learners have to the target language the more they will learn and the faster they will learn it."*

(Ó Duibhir, P. & Cummins, J. (2012) *Towards an Integrated Language Curriculum in Early Childhood and Primary Education (3-12 years)*, CNCM, Baile Átha Cliath)

Anuas air sin ní hionann an cur chuige a bheadh ann don Ghaeilge agus an cur chuige a bheadh ann do mhúineadh na tríú teanga. M.sh. Cé go bhfuil coincheapa agus scileanna áirithe ann a aistríonn idir an Ghaeilge agus an Béarla, tá sé leagtha amach sna torthaí foghlama i gCuraclam Teanga na Bunscoile gur chóir tabhairt faoin bhFeasacht Fhóineolaíoch agus faoin bhFónaic a mhúineadh go sonrach sa Ghaeilge agus sa Bhéarla ar aon. Ní hionann na hortografaíochtaí agus na fuaimeanna ar leith go léir a bhaineann leo. An mbeidh sé amhlaidh le haghaidh mhúineadh na tríú teanga? Mar sin is cur chuige éagsúil a bheadh i gceist don Ghaeilge agus beidh am ag teastáil chun í a mhúineadh.

An bhfuiltear ag súil go ndéanfaidh na daltaí an caighdeán céanna a ghnóthachtáil sa Ghaeilge leis an leithdháileadh ama sa churaclam athfhorbartha? An bhfuil impleachtaí anseo do mhúineadh agus d'fhorbairt na dtorthaí foghlama?

Anuas air sin ba chóir íosmhéid ama a lua do theanga a haon agus do theanga a dó le cinntiú go mbeidh cothromaíocht réasúnta ann idir na páistí a fhreastalaíonn ar bhunscoileanna éagsúla agus iad ag bogadh aghaidh go dtí an mheánscoil. (Féach 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna')

Fáiltímid roimh na teangacha iasachta ach tá soiléiriú ag teastáil mar gheall ar an tríú teanga a thabhairt isteach. (Féach 'Tosaíochtaí foghlama do pháistí ag teacht chun cinn' thuas). Beidh soiléiriú ag teastáil faoi chúrsaí ama chomh maith:

- An mbeidh íosmhéid ama leagtha amach do theagasc agus d'fhoghlaim T1, T2 agus T3? Molaimid gur chóir go mbeadh ach gur chóir go mbeadh sé soiléir gur íosmhéid atá ann seachas clár ama molta.
- An mbeidh teagasc agus foghlaim T2 thíos dá bharr?
- An mbeidh leithdháileadh ama leagtha amach do scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge a chuireann tréimhse tumoideachais i bhfeidhm ag Céim a hAon?
- An gcaithfear sampla amháin as na cinn sna táblaí a roghnú ó thaobh leithdháileadh ama do theangacha go seachtainiúil? An mbeidh scoileanna/ múinteoirí aonair ar fhoirne ag glacadh cinntí? Cá bhfios go mbeidh na huaireanta cuí á gcaitheamh ag múinteoirí ar na réimsí/hábhair ar leith?
- Beidh treoir agus tacaíocht de dhíth má tá scoil ag smaoineamh ar bhreis ama a chaitheamh ar T2 i gCéimeanna 3 agus 4 mar atá leagtha amach i Rogha a Trí. Bheadh impleachtaí móra i gceist maidir le cur chuige na scoile i T1 agus T2 ag Céimeanna 1 agus 2 roimh ré.
- Molaimid a bheith coinsiasach chomh maith nach bhfuil tuiscint ag gach múinteoirí ar na prionsabail atá mar thaca faoi *Aistear* nó ar na téamaí a bhaineann leis. Glactar leis sa dréachtchreat go bhfuil an creatchuraclam seo á chur i bhfeidhm i ngach bunscoil agus níl sé seo fíor. (Féach 'Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna' & 'Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999')
- Ní mór a bheith aireach faoi nasc róláidir a dhéanamh leis an gCreat don tSraith Shóisearach mar níl an córas nua i bhfeidhm fada go leor fós chun breithiúnas cruinn a thabhairt air. (Féach 'Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna')

## Ag tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim

*Maidir leis an gcuraclam athfhorbartha, molann an Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile:*

- Go gcuirfidh sé teagasc, foghlaim agus measúnú den chéad scoth chun cinn.

- Go mbeidh an tuiscint ann ar mheasúnú mar ghné riachtanach, ríthábhachtach den teagasc agus den bhfoghlaim.
- Go n-aibhseoidh sé tábhacht bhreithiúnas ghairmiúil mhúinteoirí agus iad ag tacú le dul chun cinn i bhfoghlaim páistí.
- Go spreagfaidh sé múinteoirí chun naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena  n-eispéiris.
- Go n-aithneoidh sé an tábhacht a bhaineann le gaolta d'ardchaighdeán agus an tionchar a bhíonn acu ar fhoghlaim páistí.

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith  tacú le raon modhanna agus straitéisí teagaisc le measúnú atá lárnach san teagasc agus foghlaim. Tabhair, le do thoil, d'aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

**Teagasc agus Foghlaim**

Molann Curaclam Teanga na Bunscoile naisc shuntasacha a dhéanamh le hábhair suime páistí mar aon lena  n-eispéiris.  Molann sé cur chuige páiste-lárnach a ghlacadh agus gaolta d'ardchaighdeán a chothú ar scoil chomh maith.  Fáiltímid roimh an mbéim a leagtar ar na moltaí seo sa dréachtchreat.

Tá amhras ann go leagtar an iomarca béime ar théacsleabhair i mbunscoileanna na tíre sa lá atá inniu ann fós áfach.  An bhfuil leigheas air seo?  B'fhiú plé a dhéanamh le múinteoirí mar gheall ar na cuir chuige atá acu maidir le comhtháthú, ionchuimsitheacht, súgradh agus foghlaim ar bhonn fiosraithe, agus tacaíocht a thabhairt dóibh chun a gcleachtas a fhorbairt agus an curaclam athfhorbartha á chur i bhfeidhm.

**Measúnú**

Fáiltímid roimh an mbéim a leagtar ar mheasúnú sa dréachtchreat, agus go háirithe an measúnú iomasach.  Tá measúnú mar chuid lárnach de shaol na scoile.  Cabhraíonn sé le múinteoirí an chéad chéim eile a bheidh le múineadh a phleanáil.  Tá sé seo ag tarlúint go neamhfhoirmiúil agus tá sé seo aitheanta sa dréachtchreat seo.

Ní mór go mbeidh plé agus iniúchadh i bhfad níos doimhne ann maidir le measúnú sa churaclam athfhorbartha ná an méid atá sa dréachtchreat áfach. Ní leor an méid atá ann. An mbeidh measúnú á dhéanamh ar Fholláine, mar shampla? Conas?

Beidh gá le plé ar conas is féidir measúnú a dhéanamh ar choincheapa, scileanna, dearcthaí, luachanna agus meonta a bhainfidh leis.

Is gá uasdátú a dhéanamh ar na trialacha measúnaithe (trialacha caighdeánaithe san áireamh) le cinntiú go ndéanfar measúnú ar na torthaí foghlama sa churaclam athfhorbartha agus a mbaineann leo. Beidh gá le plé ar an mbéim a leagfar ar thorthaí na dtrialacha caighdeánaithe, ach go háirithe tar éis na paindéime.

Ba chóir tógáil ar an mbéim a leagtar ar ról na bpáistí sa mheasúnú i gCuraclam Teanga na Bunscoile sa churaclam athfhorbartha seo. Tá sé ríthábhachtach go mbíonn siad gafa leis agus go bhfuil freagracht acu as a bhfoghlaim féin trí fhéinmheasúnú, trí phiarmheasúnú, srl. mar a léiríodh go soiléir i gceardlann ghréasáin a trí do Churaclam Teanga na Bunscoile.

Tá ról tábhachtach ag an múinteoir ó thaobh aiseolais de, m.sh. le linn na comhdhála. Tabharfaidh an curaclam athfhorbartha seans do na páistí agus na múinteoirí a bheith páirteach níos mó sa saghas seo measúnaithe.

Tá gá le *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* (2007) a uasdátú, agus samplaí cuí a bhaineann le Curaclam Teanga na Bunscoile agus leis an gcuraclam athfhorbartha a sholáthar.

Molaimid go láidir go gcuirfí forbairt ghairmiúil leanúnach ar fáil do mhúinteoirí chun tacú leo teacht isteach ar an tuiscint nua atá ann ar an measúnú sa churaclam athfhorbartha agus chun tacú leo aon treoirlínte a chuirfear ar fáil faoi mheasúnú a chur i bhfeidhm.

Tá gá le samplaí de mheasúnú chun foghlama mar aon le measúnú ar an bhfoghlaim a bheith curtha ar an uirlis úsáide ar https://www.curriculumonline.ie/ sa todhchaí, m.sh. conas measúnú a dhéanamh ar theanga ó bhéal, srl.

Aontaímid go mbeidh sé riachtanach, le himeacht ama, an tsraith teimpléad tuairiscithe atá ar fáil do scoileanna faoi láthair a athbhreithniú le go mbeidh siad ag teacht leis an gcuraclam bunscoile athfhorbartha.

**Ag cur le buanna agus láidreachtaí churaclam 1999**

*Chuir curaclam 1999 le roinnt mhaith buanna, iad seo a leanas san áireamh:*

- Mhéadaigh sé ar úsáid mhodheolaíochtaí gníomhacha san teagasc agus san fhoghlaim.
- Rinne sé foghlaim páistí níos taitneamhaí.
- Tháinig feabhas ar leibhéil ghnóthachtála sa léitheoireacht, sa mhatamaitic agus san eolaíocht, de réir mheasúnú náisiúnta agus idirnáisiúnta.

*Díreoidh an curaclam athfhorbartha ar na cuspóirí seo:*

- Réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim sa bhunscoil.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar straitéisí, ar thionscnaimh agus ar chláracha, agus tosaíochtaí foghlama do pháistí a shoiléiriú.
- Nasc a dhéanamh le *Aistear: an Creatchuraclam Luath-Óige* agus *Creat don tSraith Shóisearach.*

**Tugann an *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile* rianú ar theachtaireachtaí tábhachtacha i leith na buanna agus láidreachtaí churaclam 1999, agus lena chois, ag aithint agus ag freagairt do dúshláin, riachtanais agus tosaíochtaí. Tabhair, le do thoil, do aiseolas ginearálta maidir leis an bpríomhtheachtaireacht.**

Threoraigh curaclam 1999 múinteoirí chun níos mó úsáide a bhaint as modheolaíochtaí foghlama gníomhaí agus bhain páistí taitneamh as an bhfoghlaim dá bharr seo.

Tá an dréachtchreat seo ag teacht leis an bhfís a bhí leagtha síos i gcuraclam 1999, ó thaobh buanna agus láidreachtaí de agus tógann sé ar an bhfís sin.

Tá na prionsabail agus na príomhinniúlachtaí ag teacht le Curaclam Teanga na Bunscoile chomh maith.

Aithníonn an dréachtchreat an ró-ualach curaclaim sa bhunscoil agus aontaímid go láidir gur gá réiteach a fháil air seo. Bhí an iomarca ábhar aonair i gcuraclam 1999 agus bhí sé seo an-dúshlánach ar na múinteoirí ó thaobh ullmhúcháin / ama agus measúnaithe de. Tá sé ríthábhachtach nach mbeidh ualach oibre chomh trom céanna ar mhúinteoirí sa churaclam athfhorbartha agus nach mbeidh siad faoi bhrú mar atá anois. Is gá folláine na múinteoirí

a chur san áireamh. Beidh gá le tuilleadh tacaíochta ó na páirtithe leasmhara go léir (na seirbhís tacaíochta agus an chigireacht san áireamh) le cinntiú go dtiocfaidh athrú ar an scéal seo. Caithfidh na teachtaireachtaí faoin gcuraclam athfhorbartha a bheith soiléir, díreach agus seasmhach ó na páirtithe leasmhara éagsúla. (Féach 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna')

Cé go bhfuil cúig réimse leathana i gceist sa dréachtchreat agus go dtugtar le fios go gcuirfear béim láidir ar chomhtháthú sa churaclam athfhorbartha seo, caithfear réiteach fós a fháil ar ró-ualach curaclaim. Tá sé i gceist Teangacha Iasachta Nua-aimseartha, Teicneolaíocht, Oideachas faoi Reiligiúin agus Chreidimh (ORC) agus Eitic, mar aon le hOideachas Ealaíon níos leithne a thabhairt isteach. Is rudaí nua fiúntacha iad seo ach cad a bhí éigeantach i gcuraclam 1999 a bheidh bainte den churaclam athfhorbartha nó a bheidh roghnach ann chun réiteach a fháil ar ró-ualach curaclaim? Ní luaitear aon mholtaí go fóill faoi rudaí a bhaint amach. Tá sé ríthábhachtach go dtabharfar aird ar ghuthanna múinteoirí nuair atá sé seo á shocrú, nó má tá sé i gceist go ndéanfaidh gach scoil aonair a cinneadh féin ba chóir é seo a shoiléiriú.

An bhfuil sé i gceist ag na coláistí tríú leibhéal oiliúint a chur ar na hábhair oidí mar gheall ar an dréachtchreat seo?

Caithfear a bheith coinsiasach nach bhfuil tuiscint ag gach múinteoirí ar na prionsabail atá mar thaca faoi *Aistear* nó ar na téamaí a bhaineann leis. (Féach ''Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna'' & 'Struchtúr agus cur i láthair an churaclaim á athrú')

Ní mór a bheith aireach faoi nasc róláidir a dhéanamh leis an gCreat don tSraith Shóisearach mar níl an córas nua i bhfeidhm fada go leor fós chun breithiúnas cruinn a thabhairt air. (Féach 'Naisc idir réamhscoileanna, bunscoileanna agus iarbhunscoileanna')

Aontaímid go huile agus go hiomlán go mbeidh rochtain ar fhorbairt ghairmiúil leanúnach scoilbhunaithe ar ardchaighdeán bunriachtanach do chur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha. Beidh am ag teastáil go géar chomh maith. (Féach 'Gníomhaíocht agus solúbthacht i scoileanna' thuas)

**Covid-19**

**Ó foilsíodh *Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile,* tá Covid-19 tar éis dúshlán mór a chruthú do scoileanna. Tabhair do thuairimí maidir le himpleachtaí taithí scoileanna ar an bpaindéim, ar thabhairt chun críche *Chreat Curaclaim na Bunscoile***

Tá impleachtaí suntasacha ag taithí scoileanna ar an bpaindéim ar thabhairt chun críche Chreat Curaclaim na Bunscoile.

**Folláin na Múinteoirí agus na bPáistí**

Tá sárobair déanta ag múinteoirí na hÉireann chun a bpobail scoile a chosaint, chomh maith le folláine agus oideachas na leanaí faoina gcúram a chur chun cinn le linn na paindéime (McGillicuddy, 2021, 11). Dar le taighde atá curtha i gcrích ag Minihan, Adamis, Dunleavy, Martin, Gavin & McNicholas (2022) áfach go bhfuil múinteoirí na tíre ag mothú faoi bhrú i scoileanna ó thaobh na sláinte agus na sábháilteachta de freisin.

Tá sé seo tugtha faoi ndeara agus cloiste ag comhairleoirí ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí go rímhinic agus sinn ag obair le scoileanna timpeall na tíre.

Tá lámha le ní, boird agus fearas le glanadh go mion minic, maisc le caitheamh, páistí le coinneáil scartha i ngrúpaí ('meithleacha'), seomraí fuar leis na fuinneoga ar oscailt, múinteoirí leo féin ag amanna sosa, cúram clóis sa bhreis le déanamh, cruinnithe foirne ar siúl ar líne/ sa chlós, srl. le bliain go leith anuas. Tá múinteoirí tnáite agus faoi strus dá dheasca seo (Minihan et al, 2022).

Tá sé tugtha le fios ag roinnt mhaith múinteoirí dúinn sa tSFGM go raibh tionchar aige seo ar an méid ama agus fuinnimh a bhí acu le caitheamh ag dul i ngleic le Curaclam Teanga na Bunscoile (CTB). Dar leis na múinteoirí go raibh brú millteanach orthu ar scoil ó mhí an

Mhárta 2020 i leith agus tá siad fós ag teacht i dtaithí ar na torthaí foghlama i gCTB dá bharr. Tá obair shuntasach fós le déanamh ag roinnt acu chun CTB a chur i bhfeidhm agus ní bhraitheann siad muiníneach nó compordach ag obair le CTB fós. Caithfear a bheith aireach maidir leis seo.

Beidh sé fíorthábhachtach gach iarracht a dhéanamh le cinntiú nach gcuirtear a thuilleadh leis an mbrú atá ar mhúinteoirí agus ar cheannairí scoile nuair atá Creat Curaclaim na Bunscoile á thabhairt chun críche. Ní mór go leor ama agus spáis a chur ar fáil. Má tá strus agus tnáitheadh i gceist do mhúinteoirí tagann laghdú ar chaighdeán an teagaisc a chuirtear ar fáil do na páistí dá bharr (Minihan et al, 2022).

**Ceannairí Scoile**

Dar le mórstaidéar a rinne Coláiste na Tríonóide (Fahy, Murphy, Fu & Nguyen, 2020) gur chruthaigh an phaindéim brú suntasach do cheannairí scoile chomh maith. Bhraith 77% de phríomhoidí bunscoile go raibh gach rud ag dul sa mhuileann orthu (“overwhelmed”), bhraith 71% acu spíonta ó thaobh na mothúchán de (“emotionally exhausted”) agus bhraith 59% aonarach agus scoite amach (“isolated and disconnected”) lena linn.

Leagtar béim ar chúrsaí folláine i nDréachtchreat Curaclaim na Bunscoile agus ba chóir tús áite a thabhairt d’fholláine i measc phobal na scoile (folláine na múinteoirí agus na gceannairí scoile san áireamh) sa chomhthéacs seo (McGillicuddy, 2021, 17).

Mar shampla, moltar go láidir go leanfaí ar aghaidh leis na painéil soláthair mhúinteoirí ionas go mbeidh leanúnachas níos fearr ann do na páistí nuair a bhíonn múinteoirí as láthair agus go mbeidh an t-am agus an fuinneamh ag príomhoidí le hinfheistiú i gcúraimí oibre eile atá acu (m.sh. dul i ngleic le hathfhorbairt an churaclaim) seachas in ionadaithe a aimsiú.

Anuas air sin moltar acmhainní agus tacaíochtaí a chur ar fáil chun ceannaireacht roinnte a chur chun cinn i scoileanna. Bhí drochthionchar ag an bpaindéim uirthi seo freisin (Brown, O’Hara, McNamara, Skerritt & Shevlin; 2021), agus d’fhéadfadh ceannaireacht roinnte éifeachtach cur go mór le forbairt agus le cur i bhfeidhm an churaclaim athfhorbartha.

**Scileanna Digiteacha & Cúrsaí Teicneolaíochta**

D’éirigh le scoileanna réitigh chruthaitheacha agus nuálacha a aimsiú ar na dúshláin a tháinig chun cinn le linn na paindéime ina gcomhthéacsanna féin (m.sh. chun foghlaim ón mbaile a éascú, chun cruinnithe foirne a chur ar siúl, chun cumarsáid idir múinteoirí, tuismitheoirí agus páistí a éascú, srl.), go háirithe trí leas a bhaint go seiftiúil as an teicneolaíocht (McGillicuddy, 2021, 15) agus tá sé seo inmholta.

Ainmítear “A bheith i d’fhoghlaimeoir digiteach” mar phríomhinniúlacht sa dréachtchreat. Moltar tógáil ar na scileanna digiteacha atá forbartha ag páistí le linn na paindéime agus na féidearthachtaí a bhaineann le teicneolaíocht a fhiosrú agus a fhorbairt a thuilleadh (m.sh. chun foghlaim agus measúnú a chur chun cinn, chun comhoibriú i measc foirne a éascú agus chun cumarsáid le tuismitheoirí a fheabhsú, srl.)

Caithfear dul i ngleic le deacrachtaí áirithe ar dtús le cinntiú go bhfuil rochtain ag gach éinne ar an teicneolaíocht áfach (McGillicuddy, 2021, 12). Ní mór go mbeadh ceangal **leathanbhanda sách láidir** ag gach scoil (Winter, Costelloe, O’Brien & Hickey, 2021). Tá oiliúint scoilbhunaithe chomh maith le fearas oiriúnach ag teastáil ó scoileanna freisin chun teicneolaíocht a chomhtháthú go hiomlán (Winter, Costelloe, O’Brien & Hickey, 2021).

Moltar tacú le múinteoirí a ngníomhaireacht a fheidhmiú (McGillicuddy, 2021, 14-15) chun an teicneolaíocht a chur i bhfeidhm go cruthaitheach agus go nuálach ina gcuid oibre amach anseo, de réir mar a oireann dá gcomhthéacsanna féin. Beidh sé ríthábhachtach an dul chun cinn atá déanta a aithint, agus an gá le forbairt ghairmiúil leanúnach chuí ó thaobh na dteicneolaíochtaí digiteacha de a chur san áireamh nuair atá Creat Curaclaim na Bunscoile á thabhairt chun críche.

**Pobail Chleachtais**

Dar leis an seanfhocal “Ní neart go cur le chéile”. Gan aon amhras thug pobal oideachais na hÉireann tacaíocht den chéad scoth dá chéile le linn na paindéime seo. Chuir múinteoirí tréaniarracht isteach chun a scileanna digiteacha féin agus a gcumas múineadh go cianda a fhorbairt le tacaíocht ón tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí, ó na hionaid oideachais, ó choláistí/ollscoileanna agus óna gcomhghleacaithe féin (McGillicuddy, 2021, 13)

D'oibrigh múinteoirí as láimh a chéile chun deachleachtas agus áiseanna a roinnt trí mheáin shóisialta agus ardáin éagsúla ar líne (ibid.). Moltar tógáil ar an sárobair seo amach anseo. Ba chóir tacú le múinteoirí comhoibriú lena chéile chun deachleachtas sa seomra ranga agus ar bhonn uile scoile a chur chun cinn (Kilcoyne, 2021).

Moltar pobal cleachtais a thagann le chéile ar láthair (m.sh. in ionad oideachais, scoil, srl.) agus ar líne a bhunú mar chuid d'fhorbairt an churaclaim athfhobartha. Chuireadh sé seo deiseanna ar fáil do mhúinteoirí cumarsáid ina measc féin a éascú, chomh maith le deachleachtas agus áiseanna a roinnt lena chéile mar a bhí ar siúl acu le linn na paindéime.

B'fhiú go mór leas a bhaint as an taighde atá ar fáil agus as an taithí agus an saineolas atá ag oideoirí múinteoirí in Institiúid Ardoideachais (mar shampla Ó Ceallaigh, 2021) mar bhonn eolais nuair atá an obair seo ar siúl.

**Áiseanna ar Líne**

Nuair a bhíomar ag tacú le múinteoirí go cianda le linn na paindéime tugadh le fios dúinn sa tSFGM go raibh na háiseanna a bhí ar fáil ar líne "an-luachmhar" do mhúinteoirí ach dúradh linn go raibh an méid a bhí ar fáil ar líne ag teacht sa mhuileann orthu ("overwhelming") uaireanta (McGillicuddy, 2021, 13).

Luadh linn go gcuirfí fáilte mhór roimh scagairí a ligfeadh do mhúinteoirí ábhar tacaíochta, físeáin agus suíomhanna gréasáin d'ardchaighdeán a bhain le toradh foghlama ar leith a aimsiú.

B'fhiú go mór maoiniú sa bhreis a chur ar fáil chun na suíomhanna gréasáin ScoilNet.ie agus CurriculumOnline.ie a fhorbairt a thuilleadh chuige seo d'fhonn tacú le cur i bhfeidhm CTB agus an churaclaim athfhorbartha.

**Físeáin**

Nuair a bhí comhairleoirí ón tSFGM ag tacú le múinteoirí go cianda le linn na paindéime bhí na páistí ag foghlaim ón mbaile ag an tús. Ina dhiaidh sin bhí tréimhse ann nuair a bhí na múinteoirí agus na páistí ar ais ar scoil ach ní raibh cead ag comhairleoirí dul isteach i scoileanna chun ceachtanna a mhúnlú fós. Bhí na físeáin a bhí ar fáil ar na suíomhanna gréasáin CurriculumOnline.ie, PDST.ie agus COGG.ie. ina gcabhair mhór ag an am agus bhí

múinteoirí an-tógtha leo. Thuill na míreanna "Cúla4 ar Scoil" ar YouTube ardmholadh (TG4, 2021) mar aon le míreanna físe faoi fhorbairt na litearthachta ón Roinn Oideachais/ Tuismitheoirí na Gaeltachta.

Ba léir do mhúinteoirí gur féidir le físeáin cabhrú go mór le páistí foghlaim agus bhain múinteoirí an-leas astu le linn na paindéime. Tá ganntanas ann as Gaeilge áfach. Moltar go láidir maoiniú sa bhreis a chur ar fáil chun cláir ar nós "Cúla4 ar Scoil" agus "Is Eolaí Mé" a dhéanamh do pháistí as Gaeilge, agus físeáin eile ar nós "Mata Mínithe" a chur ar fáil mar áis foghlama do pháistí agus do mhúinteoirí (i scoileanna lán-Ghaeilge agus Gaeltachta don tumoideachas agus i scoileanna trí mheán an Bhéarla chun FCÁT agus aistriú scileanna a chur chun cinn). Bheadh a leithéid ina chabhair mhór do thuismitheoirí agus iad ag tacú le foghlaim a bpáistí sa bhaile freisin (Mahon, Gallagher, Walsh & O'Connor, 2021).

Is féidir le físeáin cabhrú le múinteoirí foghlaim chomh maith agus tá sé ráite ag múinteoirí linn go bhfuil a thuilleadh ag teastáil uathu (m.sh. seinnliosta de cheachtanna ó Shaidhbh Mallon) chun tacú leo Curaclam Teanga na Bunscoile a chur i bhfeidhm . Ba chóir físeáin a chur ar fáil chuige seo as Gaeilge agus as Béarla ach tá géarghá leo as Gaeilge go háirithe de bharr an t-easpa atá ann. Moltar go láidir go leor físeán a chur ar fáil chun tacú le múinteoirí an curaclam athfhorbartha a chur i bhfeidhm amach anseo freisin.

**Cúntóirí Teanga**

Ainmnítear "Cumarsáid a dhéanamh agus teanga a úsáid" mar phríomhinniúlacht sa dréachtchreat. Tá an tumoideachas agus aistriú scileanna luaite mar cheann de smaointe móra CTB.

Mhínigh an Dr. TJ Ó Ceallaigh ag ceardlann ghréasáin dar teideal "Scaradh Teanga & Scaradh Sóisialta" a reáchtáil Gaeloideachas i Meán Fómhair 2020 go bhfuil ionchur fairsing na Gaeilge ag teastáil le haghaidh foghlaim teanga rathúil i suíomh an tumoideachais lán-Ghaeilge (sa Ghaeltacht nó taobh amuigh den Ghaeltacht) agus go bhfuil ionchur teanga an mhúinteora thar a bheith tábhachtach. Mhínigh sé freisin go sealbhaítear teanga trína húsáid.

Ní raibh an t-ionchur teanga seo nó deiseanna chun í a úsáid ar fáil do roinnt mhaith páistí nuair a bhí na scoileanna dúnta. Ní raibh siad i dtimpeallacht tumoideachais agus ní raibh ach

deiseanna srianta acu an Ghaeilge a úsáid. Tá sé tugtha le fios ag a lán múinteoirí tumoideachais dúinn sa tSFGM nach bhfuil na deiseanna céanna ar fáil dóibh le dhá bhliain anuas an Ghaeilge a chloisteáil i suíomh sóisialta agus go bhfuil a gcuid Gaeilge thíos go mór anois de bharr na paindéime.

Déanann cúntóirí teanga sárobair chun an Ghaeilge a chur chun cinn i scoileanna Gaeltachta. Moltar go láidir go leathnófaí an scéim seo amach do na Gaelscoileanna anois chomh maith, chun tacú leis na páistí gnásanna sóisialta, teanga shaibhir chruinn ó bhéal agus scileanna léitheoireachta agus scríbhneoireachta a fhorbairt, agus chun tacú leo an stór focal atá bunriachtanach agus fíorthábhachtach dóibh chun foghlaim trí mheán na Gaeilge a shealbhú.

**Cumarsáid**

Cuireann an teicneolaíocht go leor solúbthachta agus féidearthachtaí ar fáil. É sin ráite cuireann cumarsáid shóisialta san ionad oibre le cúrsaí folláine agus baineann daoine sásamh níos fearr as an obair dá bharr freisin (Bleakley, Rough, Edwards, Doyle, Dumbleton, Clark, Rintel, Wade & Cowan, 2021). I gcontrárthacht leis sin bíonn cumarsáid trí mheán na físchomhdhála (m.sh. ar Zoom nó MS Teams) níos foirmeálta. Cuireann sí bac le comhráití nádúrtha go coitianta. Is minic a chuireann sí frustrachas ar rannpháirtithe. Bíonn neamhaird agus tuirse mar thoradh uirthi uaireanta chomh maith (Bleakley et al, 2021).

Tá sé mínithe ag ceannairí scoile dúinn sa tSFGM go bhfuil sosanna fós agaithe agus cruinnithe foirne fós á reáchtáil ar Zoom i roinnt mhaith scoileanna agus go bhfuil cumarsáid i measc na foirne mar dhúshlán suntasach dá bharr. Níl múinteoirí ag teacht le chéile chun rudaí a phlé mar fhoireann mar a bhíodh agus is iomaí scoil nár phléigh Dréachtchreat Curaclaim na Bunscoile mar fhoireann fós.

Ba chóir a chinntiú go gcuirtear am agus spás faoi leith ar fáil do cheannairí agus múinteoirí dul i ngleic le hathfhorbairt an churaclaim. Ba chóir feasacht ar an dréachtchreat a ardú arís ar na meáin shóisialta (m.sh. Twitter), in ailt san iris *InTouch* (ar nós an ceann a scríobh an Dr. Thomas Walsh le déanaí), srl. Ba chóir deiseanna eile a thabhairt do mhúinteoirí agus do cheannairí scoile dul i ngleic leis na moltaí (go háirithe chun Teangacha Iasachta Nua-aimseartha a thabhairt isteach do Ranganna a Trí go dtí a Sé). B'fhiú deiseanna a sholáthar

do dhaoine a dtuairimí ina leith a nochtadh i ngrúpaí beaga ar líne nó ar láthair (m.sh. in ionaid oideachais, i scoileanna, srl.)

**Foghlaim Ghníomhach**

Tháinig laghdú ar an méid gníomhaíochtaí praiticiúla a bhí ar siúl i seomra ranga de dheasca na srianta a bhí i bhfeidhm le linn na paindéime (m.sh. Chadwick & McLoughlin, 2021).. Nuair atá Creat Curaclaim na Bunscoile á thabhairt chun críche, b'fhiú an deis a thapú chun deachleachtas (m.sh. tairbhe a bhaint as gníomhaíochtaí praiticiúla cuí) a chur chun cinn (ibid.). Moltar go háirithe díriú isteach ar an bhfoghlaim ghníomhach le cinntiú go bhfuil tuiscint shoiléir aontaithe ag múinteoirí ar cad atá i gceist léi agus ar conas páistí a choinneáil gníomhach ina gcuid foghlama.

Dar le tuairisc ón Ombudsman do Leanaí go raibh ábhair imní curtha in iúl faoin easpa rannpháirtíochta a bhí ag páistí sna cinntí a rinneadh ar dhúntaí scoileanna le linn na paindéime. Dar leis, gur chóir go mbeadh deiseanna ag na páistí a dtuairimí a chur in iúl agus go dtabharfaí aird chuí orthu (Ombudsman do Leanaí, 2022, 11). Tagann sé seo leis an sprioc sa dréachtchreat go mbeidh ”páistí ag foghlaim cén chaoi lena n-eispéiris, a smaointe agus a mothúcháin a roinnt ar bhealaí éagsúla”. Moltar múinteoirí a chumasú le guth an pháiste a chur chun cinn i seomraí ranga dialógacha, srl. mar chuid den obair ar an gcuraclam athfhorbartha.

Ainmnítear "A bheith i do shaoránach gníomhach" mar phríomhinniúlacht sa dréachtchreat. Luaitear "An cumas a fhorbairt roghanna a dhéanamh ar son todhchaí inbhuanaithe" mar thréith di. Léiríonn taighde go mbaineann buntáistí leis an bhfoghlaim allamuigh do pháistí ó thaobh na folláine agus na sláinte de. Anuas air sin tuairiscítear go mbeadh sé tráthúil agus tairbheach ó thaobh athrú aeráide de, an gaol idir an páiste agus an timpeallacht allamuigh a chothú agus tuiscint an pháiste uirthi a dhoimhniú (McGillicuddy, 2021, 15-16). Ó athosclaíodh scoileanna tá iarrachtaí iontacha déanta ag múinteoirí leas a bhaint as an timpeallacht amuigh faoin aer (CNCM, 2020) chun foghlaim na bpáistí a chur chun cinn. Moltar tógáil ar an obair seo sa churaclam athfhorbartha**.**

**Tagairtí (curtha le chéile 18 Feabhra 2022)**


- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2008) *Measúnú i gCuraclam na Bunscoile: Treoirlínte do Scoileanna* Baile Átha Cliath
- An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (2019) *Físeán Idirghníomhaireachta – Curaclam Teanga na Bunscoile*
- An Roinn Oideachais agus Scileanna (2019) Ciorclán 0045/2019
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2021). *Curaclam Teanga na Bunscoile agus Measúnú* (ceardlann ghréasáin)
- An tSeirbhís um Fhorbairt Ghairmiúil do Mhúinteoirí (2022). *Curaclam Teanga na Bunscoile agus Ionchuimsiú* (ceardlann ghréasáin)
- Bleakley, A., Rough, C., Edwards, J., Doyle, P., Dumbleton, O., Clark, L., Rintel, S, Wade, V. & Cowan, B.R. (2021) *Bridging social distance during social distancing: exploring social talk and remote collegiality in video conferencing*, Human–Computer Interaction, DOI: 10.1080/07370024.2021.1994859
- Brown, M., O'Hara, J., McNamara, G, Skerritt, C. & Shevlin, P. (2021) *Global messages from the edge of Europe the cause and effect of leadership and planning strategies during the COVID-19 pandemic*, Irish Educational Studies, 40:2, 151-159, DOI:10.1080/03323315.2021.1915837
- Chadwick, R. & McLoughlin, E. (2021) *Impact of the COVID-19 crisis on learning, teaching and facilitation of practical activities in science upon reopening of Irish schools*, Irish Educational Studies, 40:2, 197-205, DOI: 10.1080/03323315.2021.1915838
- CNCM (2020) Seimineár Gréasáin a hAon – *Ag fiosrú féidearthachtaí chun tosú ag obair leis an gcuraclam faoin spéir* leis an Ollamh Comhlach, Orla Kelly, OBAC agus an tUasal Joan Whelan, An Cathaoirleach, An Cumann Foraoise na hÉireann. (*Dáta craolacháin: Dé Máirt, 24 Samhain 2020 ag 5 i.n.)*
- CNCM (2020) Seimineár Gréasáin a Dó – *Ag obair leis an gcuraclam sa timpeallacht lasmuigh - scéalta ó scoileanna* leis an tUasal Jacqueline Curley (Múinteoir, Knocknacarra NS) agus an tUasal Siobhán Fitzgerald (Príomhoide, Eglish NS). (*Dáta craolacháin: Déardaoin, 03 Nollaig 2020 ag 5 i.n.)*
- Fahy, A., Murphy, C., Fu, N., & Nguyen, T. (2020) 'Irish Primary School Leadership During COVID-19. Principals' Study Report 2020'. Deireadh Fómhair 2020. Baile Átha Cliath: Coláiste na Tríonóide, BÁC.
- Harris, J., Forde, P., Archer, P., Nic Fhearaile, S. & O'Gorman, M. (2005) *An Ghaeilge sna Bunscoileanna: Treochtaí Náisiúnta Fadtéarmacha in Inniúlacht*, An Roinn Oideachais, Baile Átha Cliath
- Keogh-Bryan, K. (2019) *Athbhreithniú agus Athfhorbairt ar Churaclam na Bunscoile - Páipéar eolais: Nuatheangacha iasachta a chomhtháthú i gcuraclam athfhorbartha bunscoile* An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta

- Kilcoyne, A. (2021) *Living and learning with Covid-19: re-imagining the digital strategy for schools in Ireland*, Irish Educational Studies, 40:2, 247-253, DOI: 10.1080/03323315.2021.1915839
- McGillicuddy, D. (2021) *Reflecting upon primary schooling post- COVID-19 pandemic – A call for increased agency to empower a dynamic and responsive contemporary education system*, Irish Teachers' Journal, 9:1, 11-23
- McGuinness, C. (2018) *Research-Informed Analysis of 21st Century Competencies in a Redeveloped Primary Curriculum*, An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta & Ollscoil na Banríona, Béal Feirste
- Muldoon, N (2022) *An tionchar a bhí ag dúntaí scoileanna ar chearta leanaí in Éirinn – Measúnú ar an Tionchar ar Chearta Leanaí* An tOmbudsman do Leanaí
- Ó Ceallaigh, T.J. (2021) *Navigating the role of teacher educator in the asynchronous learning environment: emerging questions and innovative responses*, Irish Educational Studies, 40:2, 349-358, DOI: 10.1080/03323315.2021.1932553
- Rialtas na hÉireann (2021) *Ullmhúchán don Teagasc agus don Fhoghlaim – Treoir do gach Bunscoil agus Scoil Speisialta*
- TG4, (2021) *Sraith nua de Cúla4 ar Scoil le craoladh ar TG4 do dhaltaí bunscoile atá sa bhaile de bharr srianta Covid-19*. (Eisithe 7/1/2021)
- Winter, E., Costello, A., O'Brien, M. & Hickey, G. (2021) *Teachers' use of technology and the impact of Covid-19*, Irish Educational Studies, 40:2, 235-246, DOI: 10.1080/03323315.2021.1916559


**Ráiteas Príobháideachais**

Tá lánmheas ag an CNCM ar do cheart chun príobháideachta. Aon fhaisnéis phearsanta a chuireann tú ar fáil don CNCM, cosnófar é le sárchaighdeáin slándála agus rúndachta, go beacht de réir na nAchtanna um Chosaint Sonraí. Má tá tuilleadh eolas uait maidir le cosaint sonraí, cliceáil anseo https://www.ncca.ie/ga/ráiteas-príobháideachais , nó is féidir teagmháil a dhéanamh le hOifigeach Chosaint Sonraí na CNCM ag dpo@ncca.ie

**Go raibh maith agat.**